# Seicliosta Don Imscrúdú Gairme

Déan cinnte gur féidir leat tic a chur le gach ráiteas sula dtugann tú suas d'Imscrúdú Gairme lena cheartú. Mura féidir tic a chur le ráiteas ar bith, déan na hathruithe riachtanacha.

- [ ] An ndearna tú profáil ar d'Imscrúdú Gairme?
- [ ] An bhfuil líon na bhfocal seiceáilte agat lena chinntiú go bhfuil sé idir 300 – 600 focal?
- [ ] An ndearna tú an cur i láthair agus an leagan amach a sheiceáil go cruinn? (litriú, gramadach, ceannlitreacha, poncaíocht, cló, ceannteidil, táblaiú)
- [ ] An bhfuil teideal curtha isteach agat, ag ainmniú na gairme atá á fiosrú agat?
- [ ] An ndearna tú cur síos ar thrí dhualgas ar a laghad a bhain leis an ngairm bheatha a d'fhiosraigh tú, ag baint úsáide as abairtí iomlána i ngach cás?
- [ ] Ar ainmnigh agus ar mhínigh tú ar a laghad trí scil atá riachtanach don ghairm seo?
- [ ] Ar ainmnigh agus ar mhínigh tú ar a laghad trí cháilíocht oiriúnach don ghairm seo?
- [ ] An ndearna tú cur síos ar an oiliúint a theastaíonn le bheith cáilithe sa ghairm seo?
- [ ] Maidir le gach bealach iontrála an bhfuil na nithe seo a leanas ann?
  - Ainm an choláiste agus teideal an chúrsa?
  - Fad an chúrsa?
  - Cáilíocht a bhainfidh tú amach ag deireadh na tréimhse oiliúna?
  - Na hábhair a ndéanfaidh tú staidéar orthu le linn an chúrsa?
  - Pointí CAO/riachtanais ábhair do gach cúrsa?
  - Má tá ceann de na bealaí iontrála lasmuigh den chóras CAO ar luaigh tú na riachtanais iontrála?
- [ ] An ndearna tú taighde chun do chumas féin don ghairm bheatha seo a sheiceáil?
- [ ] An raibh tú páirteach in aon ghníomhaíocht lasmuigh den scoil? (Ar nós agallamh a chur ar dhuine sa réimse gairme seo/scáthfhoghlaim oibre/taithí oibre, a thaispeánann go bhfuil tú eolach ar na hinniúlachtaí/obair atá de dhíth)
- [ ] Ar luaigh tú an ceangal atá idir d'ábhair Ardteistiméireachta agus an ghairm seo?
- [ ] Ar luaigh tú nasc idir do spéiseanna agus do bhuanna leis an ngairm seo?
- [ ] An ndearna tú measúnú ar an ngairm bheatha? (Ag tagairt do thuarastal/ionchais ardú céime/uaireanta oibre/deiseanna taistil)
- [ ] An ndearna tú measúnú ar an bpróiseas chun an t-imscrúdú gairme a dhéanamh? (scileanna nua forbartha nó scileanna feabhsaithe agat)

Déan d'Imscrúdú Gairme a phrofáil arís sula gcuimsítear i do phunann é. Déan aon cheartúcháin cuí. Ná déan dearmad d'Imscrúdú Gairme <u>is fearr</u> a chur isteach le haghaidh measúnaithe.